Laoch an Lae

Lá álainn a bhí ann. Ba é an tríú seachtain ó thosú laethanta saoire an tSamhraidh agus bhí mise tar éis a chaitheamh gach uile lá ó shin ag na stáblaí. Shiúil mé fein agus mo chara is fear, Bríd isteach an geata, réidh don lá. Bhí na capaill fós sna stablaí agus bhí neart le déanamh. Chuir Seán fáilte romhainn nuair a shiúil muid thar na hoifige. Chroch muid ár málaí sa chistin agus chuir muid orainn ár mbuataisí. Thóg sé cúpla soicind orainn a bheith réidh agus rith muid go dtí an oifig. 'Dia dhiabh a cháilíní' a dúirt sé i nguth geal gáireach. 'Tá na mílte postanna le déanamh inniu, beidh muid ar fad gnóthach.' 'Gan fadhb' a scread Bríd air. Thosaigh Seán ag gáire fuithi. Bhí Seán ar dhuine de na daoine ab dheise agus ba chineálta ar bhuail mé leis riamh. Ba é mac Eoghan Ó Ríoda, an fear gur leis na stáblaí rásaíochta, ach bhí Seán i gceannas ar na stablaí anois. 'Ceart go leor a Bhríd, tá Victor, Strawberry agus Bluebell amuigh sna páirceanna, an dtógfaidh tú iad isteach?' a d'iarr Seán uirthi. 'Cinnte, bheinn sásta é sin a déanamh' a d'fhreagair sí. Agus shiúil sí uainn ag feadaíl di fhéin. 'Anois, a Shíle tá a fhios agam cad atá tusa ag iarraidh a dhéanamh, tá Nixon ag fanacht leat.' 'Iontach!' a dúirt mé.

Fuair mé na scuabanna éagsúla chun Nixon a ghlanadh. Shiúil mé suas lána an chlóis chuig stábla Nixon. Bhí a cheann ag gobadh amach thar doras an stábla. Chuir sé gliondar ar mo chroí é a fheiceáil. Ba é Nixon an capall ab fhearr liom ó thosaigh mé ag obair sna stáblaí. Capall ard álainn ab ea é. Bhí sé chomh láidir agus mór. Thosaigh mé ag scuabadh a mhuiníl go mall, thaitin sé go mór le Nixon nuair a scuab mé é. Mhothaigh mé na mátain faoina chraiceann. Bhíomar ag baint taitneamh as ag ligeadh ár scíth. Bhí mé ag smaoineamh ar na rásaí móra a bhí ag teacht suas an deireadh seachtaine seo. Bheadh Seán ag marcaíocht ar Nixon ann agus bheadh an bheirt acu mar fhórsa nach mbeadh éinne in ann a stopadh. Ba é Nixon ceann de na capaill a bhí roghnaithe le buachan.

Go tobann, bhuail duine éigin ar an doras. Léim mé leis an scairt agus thosaigh Nixon ag rith ar an spota. Chas mé timpeall agus Seán a bhí ann! 'A Sheáin!, bhain tú geit asam' a scread mé leis.

'Brón orm a Shíle, níor thuig mé go mbeadh sibh chomh suaimhneach' a dúirt sé. 'Gan fadhb, dála an scéil an bhfuil gach rud ceart go leor leat?' a d'fhiafraigh mé de.

‘Ar muin na muice!, ach bhí mé ag iarraidh labhairt leat faoi rud éigin, a mhothaím a mbeadh suim agat ann.’

Ní raibh a fhios agam cad a bhí sé chun rá liom. Ní raibh me in ann smaoineamh ar aon fáth go mbeadh mé i dtrioblóid. ‘Cad é?’ a dúirt mé. ‘Ná féach orm chomh buartha le sin a Shíle.’ agus é ag gáire fúm. ‘Bhí mé ag iarraidh ceist a chur ort faoin deireadh seachtaine seo? na rasaí móra chuig a mbeidh muid ag dul. Beidh mé an sásta má thagann tú liom?’ a dúirt sé liom.

Bhí mo cheann i mearbhall, ba é seo mo bhrionglóid, chun dul agus a bheith ag obair ag na rásaí. Sea! a bhéic mé le háthas. ‘Iontach’ a d’fhreagair sé agus leis sin, shiúil sé uaim. Bhí mé ar muin na muice. Bhí Nixon ag féachaint orm agus bhí s fhios aige go raibh mé sona sásta. ‘táim ag teacht leat’ a chogair mé le Nixon. Ag deireadh an lae, d’inis mé an scéal iontach le Bríd. Bhí sí thar barr dom. Bhí mo chlann sona sásta chomh maith nuair a chuala siad an dea-nuacht. D’imigh an chuid eile den tseachtain thart go han-tapaidh. Bhí Nixon ag déanamh go hiontach le Seán. Bhí an traenáil an dian ach bhí an bheirt acu go breá. Bhí muid réidh do na rásaí.

Maidin Shathairn a bhí ann agus dhúisigh mé ag a sé a chlog. Bhí mé chomh sceitimíneach níor ith mé mo bhricfeasta. Ghléas mé chomh tapaidh le luas lasrach. Nuair a shroich mé na stáblaí bhí gach duine agus ainmhí ina dhúiseacht agus ag ullmhú don lá. Chuaigh mé díreach go stábla Nixon agus scuab mé é síos go tapaidh . Shocraigh mé gach rud a raibh de dhíth orainn agus bhí sé in am dul. Thóg mé Nixon go dtí bosca taistil na gcapall. Lean Seán mé le Victor agus bhí gach rud réidh le himeacht. Chuaigh mise i ngluaisteán le beirt de na buachaillí agus chuaigh Seán leis na marcaigh eile. Thóg sé uair go leith orainn chun ár gceann scríbe a shroichint. Bhí mo chroí i mo bhéal le hiontas. Bhí mé chomh neirbhíseach anois, thuig mé nach raibh mé ag rasaíocht ach bhí mé anseo ag obair leis na capaill! Stop an gluaisteán agus léim muid ar fad amach. Thóg mé caipéisí Nixon go dtí an príomhoifig. Bhí scuaine fada ann ach bhí an scuaine ag bogadh go tapaidh agus ba chuma liom. Nuair a shroich mé barr an scuaine shín mé na caipéisí chuig an oifigeach agus thug sí uimhir stábla Nixon agus a uimhir rásaíochta dom. Shiúil mé go dtí stábla Nixon agus chuir mé a rudaí suas. Ansin rith mé chun Nixon a fháil. Bhí sé soiléir go raibh sé corraithe mar go raibh sé ag damhsa ar an spota. Bhí orm é a shocrú síos ar eagla go

gcuirfeadh sé isteach ar na capaill eile, nuair a bhí sé socair shiúil muid chuig a stábla. Chomh luath is a shroich muid é luigh sé síos, bhí sé tuirseach ón turas is dócha.

Díreach ansin shiúil Seán suas taobh thiar díom, 'an bhfuil tú ag iarraidh dul le haghaidh caife? Tá sé fós luath go leor!'

'Ba bhreá liom a Sheáin' a d'fhreagair mé. Bhí ocras orm ag an bpointe sin mar gur chaill mé mo bhricfeasta.

Bhí muid i lár cupáin thae blasta, agus Seán ag insint dom cén slí a raibh sé chun Nixon a rásaíocht nuair a shiúil fear beag, ramhar isteach sa chaife. Chaith sé culaith dubh agus bhí toitín ina lámh aige. Chúlaigh daoine ar ais chun é a ligint tríd. Bhí beirt fhear ard in éineacht leis freisin. Ansin chas sé inár dtreo. Ní raibh a fhios agam céard a bhí ar siúl agus chrom mé mo cheann agus d'ól mé mo thae. Go tobann sheas Seán suas. 'Arthur' a dúirt Seán i nguth domhan agus crua. 'A Sheáinín óg, conas atá tú?' a dúirt an fear beag i nguth glic. 'Táim muiníneach inniú, tú féin?' níor chuala mé riamh Seán ag labhairt mar seo chomh borb agus ba é an chéad uair gur chuala mé duine ag glaoch Seáinín Óg air. 'Táim in iúmar na mbuachan inniu' a dúirt Arthur. Shuigh Seán síos. 'Go n-éirí leat' a dúirt Seán. ' Go lige don fhear is láidre buachan' a dúirt Arthur agus shiúil sé uainn. D'fhan mé cúpla soicind chun ceist a chur air. 'Cé hé sin? a cheistigh mé. 'Sin é Arthur Petty.' 'Níor thaitin sé le mo Dhaid riamh, agus bíonn ár gcapaill i gcónaí i bhfad níos fearr ná a chapaill. Seolann sé daoine chun spiaireacht a dhéanamh ar na stáblaí uaireanta agus tá sé i gcónaí ag iarraidh ár dtalamh a cheannach uainn'. 'Sin uafásach!' a dúirt mé. 'Sea agus déanfaidh sé aon rud chun buachan orainn'.

'Sin é' caithfidh muid ullmhú anois, beidh an rás ag tosú i gceann uair a chloig', 'an féidir leat Nixon a fháil réidh agus buailfidh mé leat ag an gcúirt.' Agus leis sin, shiúil Seán amach. Shiúil mé chuig stábla Nixon ag smaoineamh faoi cad a dúirt Seán. Bhí mé beagnach ag stábla Nixon nuair a chonaic mé fear ag siúl amach ón stábla go hamhrasach. Ba rud aisteach é sin, ach lean mé ar aghaidh chuig stábla eile ansin. B'fhéidir go raibh sé ag seiceáil na gcapall go léir. Nuair a shiúil mé istaech, bhí Nixon ag casacht. Ní raibh casacht aige, b'fhéidir go raibh rud éigin ina scórnach. Scuab mé síos go tapaidh é agus d'ullmhaigh mé é don rás. Thosaigh sé ag bogadh nuair a chuir mé a dhiallait air. Bhí a iompair aisteach difriúil ach ní raibh an t-am

againn fanacht. Bhuail muid le Seán san Fháinne agus é gléasta ina n-éadaí marcaíochta. D'iarr Seán orm cúpla rúd a fháil ón stábla le haghaidh Victor. Thug mé póg do Nixon. Ansin nuair a bhain Seán triail as é a bhogadh thosaigh sé ag ciceáil agus ag rith. Ní raibh sin cosúil le Nixon ach bhí orm an scuab a fháil le haghaidh Victor. D'aimsigh mé an scuab ón stábla ach shleamhnaigh sé ó mo lámh nuair a chrom mé síos chun é a phiocadh suas thug mé faoi deara rud aisteach, taibléid bán ar an talamh. Níor thug mise aon tabléid do Nixon agus ní raibh Seán le Nixon ar chor ar bith. D'fhéach mé ar an tabléid níos géire. Scríofa ar an taibléid bhí 'A-8'. 'DRUGA!' Druga a chuirfí isteach ar cheann agus mátain an chapaill. Gan an dara smaoineamh thosaigh rith mé ar nós na gaoithe chuig an raon rásaíochta. Bhí daoine ag screadaíl orm go crosta ach ní fhéadfainn stopadh! Nuair a shroich mé an raon rásaíochta bhí na capaill cheana féin ag siúl timpeall é, ag téamh suas don rás. Ní raibh mé tapaidh go leor chun dul trasna an raon. D'fhéach mé suas idtreo bosca an tráchtaire. Thosaigh mé ag rith arís. Ní raibh mé cinnte cad a dhéanfainn. Suas an staighre, tríd an doras agus tríd seomra lán le daoine a chuaigh mé. Stop mé díreach os comhair an tráchtaire. Bhí beirt acu ag labhairt tríd an mícreafón. Rug mé ar cheann díobh agus scread mé 'STOP'! ansin bhí ciúnas sa staid. Stop na capaill agus na marcaigh agus d'fhéach an tráchtaire orm mar go raibh seacht gceann orm. D'fhéach an lucht féachana suas le hiontas. 'Ní féidir leis na capaill sin rásaíocht, tá drugaí á úsáid sa rás seo' Bhéic cúpla duine amach. Ansin osclaíodh an doras taobh thiar díom.'Cad é seo!? Cén fianaise atá agat?' mhínigh mé an scéal go tapaidh leis agus chuaigh sé díreach ar an bhfón. Fuair mé amach go raibh sé ina eagrathóir rásaí níos déanaí. Labhair sé isteach sa mhicreafón. 'An féidir le gach capall agus marcach atá amuigh ar an raon anois filleadh chuig an Fáinne buailte díreach anois.'

Chás sé ansin agus stáin sé orm, 'tá súil agam go bhfuil tú i gceart a cháilín, nó beidh tú i bponc!' Shiúil sé agus cúpla fear eile síos go dtí an Fáinne, lean mé iad go ciúin. Nuair a sroich muid an an 'Fáinne' bhí na marcaigh ar fad ann lena gcapaill. Nuair a chonaic Seán mé, rith sé chugam. 'Cad atá ar siúl' a dúirt sé liom go feargach. Mhínigh mé an scéal dó. Chas sé agus chuaigh sé thall chuig Nixon. Mhothaigh mé tinn. Ní raibh seo le tarlúint inniú! Bhí mé crosta anois liom féin, agus dóchasach go ndearna mé an rud ceart. Tháinig an tréidlia chun na capaill a scrúdú. Shuigh mé síos ar bhínse go ciúin ag féachaint ar na himeachtaí a bhí ag titim amach. Tháinig Seán, eagrathóir na rásaí agus beirt fhear eile thall chugam. 'Bhuel, a Shíle. Bhí tú ceart!

Bhí seacht gcapall le drúgaí ina bhfuil. Agus murach tusa bheadh taom croí ag na capaill tar éis an ráis'. Bhí mé an-sásta! Bheadh Nixon ceart go leor! Ni raibh mé abalta aon rud a rá, ansin labhair Seán liom. 'Agus fuair muid amach ó na ceamaraí CCTV gurbh é Arthur Petty a thug na drúgaí do na capaill. 'Tá brón orm a Sheáin' a dúirt mé. 'Tá brón ort! Gan tusa inniú bheadh an lá seo scriosta.' 'Sea, go raibh maith agat', a dúirt an eagrathóir liom. An bhfuil Nixon ceart go leor?' a dúirt mé. 'sea 'Beidh sé abalta rásaíocht i gceann coicíse' A d'fhreagair Seán. 'Anois, tá sé in am dúinn dul abhaile,' a dúirt sé. Ceart go leor, an bhfuil cead agam Nixon a fheiceáil ar dtús?' a chuir mé ceist air. 'Tá sé sa bhosca taistil cheana féin, chuir an tréidlia é isteach, is féidir leat é a fheiceáil ar maidin'

'Ceart go leor', bhí mé an tuirseach anois, ach bhí mé sásta, bhí Nixon go breá.

'Is tusa *Laoch an Lae*, a Shíle,' a dúirt Seán le meangadh gáire ar a aghaidh!

Le hAlex Mc Kay